Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Eolas maidir le **Breith a Chlárú**

An tSeirbhís um Chlárú Sibhealta
Civil Registration Service

A. Cé atá in ann Breith a Chlárú?

1. Má tá na **tuismitheoirí pósta lena chéile**, féadfaidh ceachtar tuismitheoir, nó an bheirt acu, an fhoirm a shíniú i láthair cláraitheora agus an bhreith a chlárú.

2. Mura bhfuil na **tuismitheoirí pósta lena chéile** ar dháta na breithe, ní mór don bheirt tuismitheoirí freastal agus an fhoirm a shíniú i láthair an cláraitheora, nó féadfaidh duine de na tuismitheoirí freastal agus an fhoirm a shíniú i láthair an cláraitheora, ar choinníoll go bhfuil dearbhú reachtúil sínithe ag an tuismitheoir eile. Déan teagmháil leis an Oifig um Chlárú Sibhialta chun na foirmeacha ábhartha a fháil.

3. Má tá an **mháthair pósta agus murab é a fear céile athair an linbh**, déan teagmháil le d'Oifig um Chlárú Sibhialta áitiúil chun comhairle a fháil maidir leis na ceanglais chun an bhreith a chlárú.

4. Má tá an **mháthair colscartha nó scartha**, ba cheart di labhairt le cláraitheoir ar dtús, a thabharfaidh comhairle di maidir leis na ceanglais chun a leanbh a chlárú.

B. Clárú Éigeantach Aithreacha - Athair a Ainmniú

Ón 10 Nollaig 2025, ceanglaítear faoin reachtaíocht maidir le **Clárú Éigeantach Aithreacha** ar mháthair nach bhfuil pósta le hathair a linbh sonraí an athar a sholáthar agus breith a linbh á clárú aici*.

Nuair a ainmníonn an mháthair an t-athair:

1. Má thagann máthair chun an bhreith a chlárú ina haonar, gan an dearbhú reachtúil riachtanach ón athair, iarrfar uirthi sonraí teagmhála an athar a sholáthar.*

2. Scríobhfaidh an tseirbhís chlárúcháin chuige chun é a chur ar an eolas faoi na céimeanna ba cheart dó a ghlacadh más mian leis a shonraí a chur isteach sa chlár breithe mar athair an linbh.

3. Féadfar teastas breithe a eisiúint chuig an máthair ag an bpointe seo. Ní bheidh ann ach sonraí na máthar agus céadainm a linbh. Beidh teastas nuashonraithe ar fáil tar éis don chlárú a bheith críochnaithe go hiomlán.

4. Mura nglacann an t-athair lena atharthacht nó mura bhfreagraíonn sé laistigh de 28 lá, clárófar an bhreith gan a shonraí agus le sloinne na máthar amháin. Má ghlacann sé lena atharthacht, clárófar an bhreith lena shonraí.

B. Clárú Éigeantach Aithreacha - Gan Athair a Ainmniú

5. Ceadaítear faoin reachtaíocht seo freisin do **mháthair gan an t-athair a ainmniú má tá cúis láidir aici leis sin.** Féadfaidh sí dearbhú reachtúil a dhéanamh á dhearbhú

   (a) nach bhfuil aithne aici air

   (b) nach bhfuil a fhios aici cá bhfuil sé ina chónaí, nó

   (c) nach mbeadh sé chun leas sábháilteachta a linbh sonraí athair an linbh a thabhairt don cláraitheoir. Má roghnaíonn an mháthair an rogha seo, ní mór di fianaise a sholáthar don cláraitheoir lena léiriú gurb amhlaidh an cás. Féadfaidh an fhianaise a bheith i cibé foirm atá ar fáil don mháthair.

C. Sloinne a roghnú do do leanbh

Ní mór do thuismitheoirí an linbh teacht ar chomhaontú maidir le sloinne an linbh. Murar féidir leo teacht ar chomhaontú maidir le sloinne, féadfar an bhreith a chlárú gan sloinne don leanbh agus féadfar é a chur leis níos déanaí, ach an táille fhorordaithe a íoc.

Faoi réir aon athruithe teangeolaíocha, is é sloinne a iontrálfar sa chlár ná sloinne thuismitheoirí an linbh mar atá sé i gclár na mbreitheanna, nó sloinne ceachtar acu, nó, le haontú an Ard-Chláraitheora nó Príomh-Chláraitheora, sloinne eile a iarrfaidh an bheirt tuismitheoirí. **Má iarrann tú sloinne do do leanbh nach é sloinne ceachtar de na tuismitheoirí é, beidh ort foirm iarratais bhreise a chomhlánú agus fianaise a sholáthar maidir leis na cúiseanna atá agat leis an iarratas sin.**

D. Cad a tharlóidh má rugadh mo leanbh mar thoradh ar Atáirgeadh Daonna Cuidithe Deontóra (DAHR)?

Má rugadh do leanbh mar thoradh ar **ghnáthamh DAHR a rinneadh i gclinic in Éirinn ón 4 Bealtaine 2020** i leith, féadfaidh tú sonraí an tuismitheora nó na dtuismitheoirí, lena n-áirítear sonraí an tuismitheora neamhfola, a thaifeadadh agus an bhreith á clárú.

Chun clárú DAHR a chomhlánú, beidh teastas ón saoráid DAHR in Éirinn agus foirm chomhlánaithe **DAHR 19A** de dhíth ort, agus is féidir leat an fhoirm a iarraidh trí ríomhphost a sheoladh chuig Oifig an Ard-Chláraitheora ag dahr@welfare.ie

Má rugadh do leanbh anseo mar thoradh ar **ghnáthamh deontóra a rinneadh i saoráid lasmuigh den Stát,** agus mura bhfuil ach sonraí na máthar le taifeadadh ar chlárú na breithe, beidh feidhm ag na rialacha maidir le Clárú Éigeantach Aithreacha agus ní mór don mháthair dearbhú reachtúil a shíniú á dhearbhú nach bhfuil aithne aici ar an t-athair.

E. Cad a tharlóidh má rugadh mo leanbh gan Dochtúir ná Cnáimhseach a bheith i láthair?

I gcás ina saolaítear leanbh sa bhaile gan dochtúir ná cnáimhseach a bheith i láthair, féach thíos:

1. Tá sé de **dhualgas ar thuismitheoirí uile linbh a rugadh gan aon idirghabháil leighis freastal le chéile agus fógra a thabhairt don Phríomh-Chláraitheoir maidir leis an mbreith laistigh de 5 lá oibre ó dháta na breithe.**

2. Ní mór foirm fógra breithe **HBNF1** a chomhlánú leis na sonraí riachtanacha maidir leis an mbreith.

3. Tá gá le fianaise lena léiriú gur tharla an bhreith de réir na sonraí atá á gcur ar fáil. Féadfaidh an fhianaise a sholáthraíonn na tuismitheoirí a bheith i cibé foirm atá ar fáil dóibh agus níl aon fhoirm shonrach leagtha síos di. Moltar don mháthair freastal lena leanbh, idir 3 agus 5 lá tar éis na breithe, ar ospidéal máithreachais áitiúil nó ar dhochtúir teaghlaigh agus iarraidh ar phearsanra liachta sonraí na breithe a chomhlánú ar an bhfoirm. Ba cheart ráiteas ón duine a bhí i láthair ag an mbreith nó a thug cúnamh leis an mbreith, mar aon le sonraí an duine sin, a sholáthar mar chuid den fhógra seo freisin agus is féidir é a chomhlánú ar an bhfoirm.

Mura bhfuil an Príomh-Chláraitheoir sásta leis an bhfianaise a chuirtear ar fáil, ní ghlacfar leis an bhfógra agus ní féidir an bhreith a chlárú. Beidh rogha ag na tuismitheoirí achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh seo.

Tabhair faoi deara: Cinntigh le do thoil go bhfuil na sonraí a sholáthraíonn tú maidir leis an mbreith, lena n-áirítear an sloinne, ceart, mar ní féidir iad a athrú a luaithe a bheidh an clárú críochnaithe ach amháin i gcúinsí sonracha áirithe.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Foirm iarratais chun **Breith a Chlárú**

An tSeirbhís um Chlárú Sibhealta
Civil Registration Service

BR1.0

Conas is féidir liom an fhoirm seo a chomhlánú?

Is féidir na sonraí riachtanacha a chur isteach ar do ghléas leictreonach sula ndéantar an fhoirm a chur i gcló, nó is féidir leat an fhoirm a chur i gcló agus í a chomhlánú de láimh. **Má tá breitheanna iomadúla á gclárú agat, comhlánaigh foirm ar leith do gach leanbh** agus cuir in iúl ar an bhfoirm cén leanbh a rugadh ar dtús, sa dara háit, sa tríú háit, etc.

Sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo:

Ar rugadh do leanbh mar thoradh ar Atáirgeadh Daonna Cuidithe Deontóra? ☐ Rugadh ☐ Níor rugadh

Ar rugadh do leanbh sa bhaile gan Dochtúir ná Cnáimhseach a bheith i láthair? ☐ Rugadh ☐ Níor rugadh

An máthair shingil thú atá ag freastal gan an t-athair chun an bhreith a chlárú? ☐ Is ea ☐ Ní hea

Má d'fhreagair tú go dearfach maidir le haon cheann de na ceisteanna thuas, féach ar an mbileog eolais, mar d'fhéadfadh sé go mbeadh foirmeacha breise le comhlánú agat sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais seo.

Cuid 1 — Sonraí an linbh atá le clárú

1. Céadainm(neacha) an linbh:

2. Sloinne an linbh:
(tabhair faoi deara go bhfuil uasteorainn de 30 carachtar i gceist le sloinnte ar chlárúcháin bhreithe)

3. Áit bhreithe:

Contae

Éirchód

4. Dáta breithe:
L L M M B B B B

5. Gnéas: ☐ Baineann ☐ Fireann

6. Am breithe:
uaireanta an chloig
nóiméid

7. Ord na breithe:
(i gcás breitheanna iomadúla)

D'Úsáid Oifigiúil Amháin

Aitheantas Fógra Breithe:

Aitheantas Clárúcháin Breithe:

Aitheantas Clárúcháin Pósta

Cláraithe ag:

Síniú an Chláraitheora:

Cuid 2 — Sonraí na Máthar / Tuismitheora 1

Cuir isteach sonraí maidir le tuismitheoir nó tuismitheoirí an linbh a bhfuil a bhreith le clárú, **mar a bhí siad tráth bhreith an linbh.**

8. Ba mhaith liom a bheith cláraithe mar: ☐ Máthair ☐ Tuismitheoir

9. Réamhainm(neacha):

10. Sloinne:

(tabhair faoi deara go bhfuil uasteorainn de 30 carachtar i gceist le sloinnte ar chlárúcháin bhreithe)

11. Sloinne breithe:

12. Aon iarshloinne eile:

13. Sloinne breithe do mháthar:

14. Uimhir PSP:

15. Post:

16. Náisiúntacht:

17. Tír bhreithe:

18. Seoladh ag am breithe an linbh:

Contae Éirchód

19. Do dháta breithe:

L L M M B B B B

20. Stádas Sibhialta: ☐ Singil (níor phós riamh) ☐ Pósta ☐ Colscartha ☐ Scartha go dlíthiúil ☐ Baintreach/Baintreach Fir

21. Má tá tú pósta, an bhfuil tú pósta le hathair do linbh? ☐ Tá ☐ Níl

22. Dáta pósta:

L L M M B B B B

23. Áit an phósta:

Tabhair faoi deara: Sa chás gur phós sibh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, tabhair leat an bunchóip de bhur ndeimhniú pósta chun do leanbh a chlárú. Mura bhfuil an bhunchóip de bhur ndeimhniú pósta i mBéarla nó i nGaeilge, caithfidh Foirm Chaighdeánach Ilteangach (MSF) nó aistriúchán oifigiúil a bheith ag gabháil leis. (Ní féidir linn glacadh le cáipéisí lannaithe)

24. Uimhir ghutháin:

25. Seoladh ríomhphoist:

Ní mór do gach duine a fhreastalaíonn chun an bhreith a chlárú cineál bailí aitheantais fhótagrafaigh a thabhairt leo, is é sin, pas reatha, ceadúnas tiomána nó cárta aitheantais náisiúnta

Cuid 3 Sonraí an Athar / Tuismitheora 2

Cuir isteach sonraí maidir le tuismitheoir nó tuismitheoirí an linbh a bhfuil a bhreith le clárú, **mar a bhí siad tráth bhreith an linbh**

26. Ba mhaith liom a bheith cláraithe mar: ☐ Athair ☐ Tuismitheoir

27. Réamhainm(neacha):

28. Sloinne:

(tabhair faoi deara go bhfuil uasteorainn de 30 carachtar i gceist le sloinnte ar chlárúcháin bhreithe)

29. Sloinne breithe:

30. Aon iarshloinne eile:

31. Sloinne breithe do mháthar:

32. Uimhir PSP:

33. Post:

34. Náisiúntacht:

35. Tír bhreithe:

36. Seoladh ag am breithe an linbh:

Contae Éirchód

37. Dáta breithe:

L L M M B B B B

38. Stádas Sibhialta: ☐ Singil (níor phós riamh) ☐ Pósta ☐ Colscartha ☐ Scartha go dlíthiúil ☐ Baintreach/Baintreach Fir

39. Uimhir Ghutháin:

40. Seoladh ríomhphoist:

Tabhair faoi deara: Má tá **an mháthair ag freastal ina haonar** chun an bhreith a chlárú agus **má tá sí ag clárú athair an linbh nach bhfuil sí pósta leis,** déan teagmháil le d'Oifig um Chlárú Sibhialta áitiúil chun na foirmeacha breise atá riachtanach a fháil.

Ní mór do gach duine a fhreastalaíonn chun an bhreith a chlárú cineál bailí aitheantais fhótagrafaigh a thabhairt leo, is é sin, pas reatha, ceadúnas tiomána nó cárta aitheantais náisiúnta

Cuid 4

Dearbhú ó Fhaisnéisí Cáilithe 1

Dearbhaím, (céadainm(neacha))

(sloinne)

de sheoladh reatha
(Ná comhlánaigh é seo ach amháin má tá do sheoladh reatha difriúil ón seoladh a bhí agat tráth na breithe.)

Contae

Éirchód

Gaol leis an leanbh:

Mise I deimhním, i gcomhlíonadh mo dhualgas mar Fhaisnéisí Cáilithe faoin Acht um Chlárú Sibhialta 2004, go bhfuil na sonraí riachtanacha maidir le breith an linbh atá ainmnithe thuas curtha ar fáil agam, a mhéid is eol dom, agus tuigim gur cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt do chláraitheoir. Glacaim leis go n-úsáidfear na sonraí ar an bhfoirm seo le haghaidh clárú bhreith mo linbh.

Síniú:

(le síniú i láthair cláraitheora tráth an chlárúcháin)

Cuid 4 (ar leanúint)

Dearbhú ó Fhaisnéisí Cáilithe 2 (más gá é)

Dearbhaím, (céadainm(neacha))

(sloinne)

de sheoladh reatha
(Ná comhlánaigh é seo ach amháin má tá do sheoladh reatha difriúil ón seoladh a bhí agat tráth na breithe.)

Contae

Éirchód

Gaol leis an leanbh:

Mise I deimhním, i gcomhlíonadh mo dhualgas mar Fhaisnéisí Cáilithe faoin Acht um Chlárú Sibhialta 2004, go bhfuil na sonraí riachtanacha maidir le breith an linbh atá ainmnithe thuas curtha ar fáil agam, a mhéid is eol dom, agus tuigim gur cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt do chláraitheoir. Glacaim leis go n-úsáidfear na sonraí ar an bhfoirm seo le haghaidh clárú bhreith mo linbh.

Síniú

(le síniú i láthair cláraitheora tráth an chlárúcháin)

Beartas Sonraí
Riarann an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta córas clárúcháin sibhialta na hÉireann. Ceanglaítear ar dhuine leis an dlí sonraí pearsanta a sholáthar chun eachtra saoil a chlárú (breith, marbh-bhreith, bás nó pósadh) agus féadfar sonraí pearsanta a roinnt le comhlachtaí poiblí agus údaráis poiblí eile nuair a fhoráiltear leis an dlí é. Ceanglaítear ar dhuine sonraí pearsanta a sholáthar nuair a dhéantar iarratas le haghaidh teastas maidir le heachtraí ríthábhachtacha agus le haghaidh cuardaithe ar innéacsanna na gclár sibhialta. Tá beartas sonraí na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta ar fáil sa ráiteas príobháideachais Privacy Statement HSE.ie nó i gcóip chrua ach í a iarraidh.